An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0043/2020**

**Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# SCÉIM UM SHAOIRE NEAMHLÁITHREACHTA TAR ÉIS IONSAITHE LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE, SEACHAS MÚINTEOIRÍ AGUS CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA, IN ÁITEANNA OIBRE DE CHUID BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit cur chun feidhme a dhéanamh ar na rialacháin agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an Scéim um Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe le haghaidh Baill Foirne, seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, atá fostaithe i bpoist cheadaithe a chistítear go hiomlán le hairgead a sholáthraíonn an tOireachtas do Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta le cur chun feidhme ag gach fostóir ar bhonn treorach ón 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021 agus ní mór do gach Ball Foirne ábhartha cloí le téarmaí na Scéime um Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe atá ag gabháil leis seo.

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil do gach oifigeach údaraithe de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na mBall Foirne uile atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead, seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Martina Mannion
Príomhoifigeach
Rannóg Airgeadais, Pearsanra agus Riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna

07 Iúil 2020

**Clár Ábhar**


Sainmhínithe…………………………………………………………...…..3
1. Réamhrá…………………………………………………………….….4
2. Beartas na mBord Oideachais agus Oiliúna ………………..………..…....4
3. An Teidlíocht chun Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe …….......5
4. Próiseas iarratais……………………………………….……………....6
5. Atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde……………………...……... 6
6. Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe a Thaifeadadh……….………6
7. Stádas le linn Saoire…………………………………..………..……7
8. Seoladh comhfhreagrais………………………………….………..…...7
9. Comhlíonadh……………………………………..…………..…...7
10. Tuilleadh faisnéise…………………………………………….……….....7
11. Foirm Iarratais ar Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe.………..8-9

## SCÉIM UM SHAOIRE NEAMHLÁITHREACHTA TAR ÉIS IONSAITHE

**Sainmhínithe**
Chun críocha na scéime, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt:

**Ionsaí –** ciallaíonn sé seo teagmháil fhisiciúil ó thríú páirtí a bhí ina cúis le díobháil do Bhaill Foirne, seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, le linn dóibh a ndualgais a chur i gcrích.

**Fostóir –** ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna freagracht as nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean, de réir mar is cuí.

**Fostaí –** ciallaíonn sé seo fostaí de chuid Boird Oideachais agus Oiliúna, seachas Múinteoir nó Cúntóir Riachtanas Speisialta.

**An Roinn –** ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 1. Réamhrá

1.1 Féadfar saoire neamhláithreachta faoin scéim seo a dheonú d'fhostaí nach bhfuil in ann a d(h)ualgais a chur i gcrích de dheasca díobháil fhisiciúil a tháinig as ionsaí a tharla le linn don fhostaí a d(h)ualgais a chur i gcrích.

1.2 Ní mór nár tháinig an teagmhas atá taobh thiar d'iarratas ar shaoire faoin scéim seo as aon fhaillí ná as aon ghníomh nó neamhghníomh ar thaobh an fhostaí agus ní mór gur cloíodh le gach nós imeachta agus prótacal cuí maidir le sábháilteacht phearsanta.

1.3 Ní ionann deonú saoire faoin scéim seo agus admháil dliteanais ar thaobh an fhostóra agus is ar bhonn gan dochar amháin a dheonófar saoire den sórt sin.

1.4 Feidhmeofar an Scéim um Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe ar bhonn treorach ón 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021.

**1.5 Ba cheart do Bhoird Oideachais agus Oiliúna iarratas a dhéanamh chuig an Rannóg Líne ábhartha sa Roinn chun cead a iarraidh le haghaidh ionadaí a fhostú chun fostaí ar deonaíodh Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe dó/di a chumhdach. Déileálfar le hiarrataí den sórt sin ar bhonn cáis, agus aird á tabhairt ar riachtanais na heagraíochta ag an am atá i gceist. Más rud é go gceadófar post ionaid, ní mór íoc as costas an phoist sin ó Bhuiséad Pá Reatha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.**

## 2. Beartas na mBord Oideachais agus Oiliúna

2.1 Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht reachtúil náisiúnta atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht san áit oibre a rialáil. Faoi alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá dualgas ar an bhfostóir "sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún". Ba cheart d'fhostóirí eolas a chur ar na freagrachtaí agus na hoibleagáidí atá orthu faoi na hAchtanna agus na Rialacháin éagsúla, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag www.hsa.ie.

2.2 Ba cheart do Bhoird Oideachais agus Oiliúna beartas / Cód Iompraíochta / Ráiteas Sábháilteachta atá sainithe go soiléir a bheith i bhfeidhm acu, rud lena n-áirítear na nósanna imeachta a bheidh le cur chun feidhme i gcás go ndéanfar ionsaí ar fhostaí. Ba cheart foráil a dhéanamh do na nithe seo a leanas sna nósanna imeachta sin

(i) cúnamh leighis a lorg, nuair is gá.
(ii) teagmhais a thuairisciú láithreach don Lucht Bainistíochta.
(iii) teagmhais a thuairisciú i Leabhar Tuairiscí Teagmhais.
(iv) an teagmhas a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
(v) tuairisciú don Gharda Síochána, nuair is cuí.

(vi) a chinntiú gur cuireadh na coimircí cuí uile i bhfeidhm chun daoine atá i mbaol a chosaint agus, a mhéid is indéanta, chun ionsaithe a chosc

## 3. An Teidlíocht chun Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe

3.1 Ní cháileoidh do shaoire faoin scéim seo ach neamhláithreachtaí atá deimhnithe ag dochtúir mar neamhláithreachtaí de dheasca díobháil fhisiciúil.

Chun go nglacfar leis an deimhniú dochtúra, ní mór:

- é a bheith sínithe ag lia-chleachtóir atá cáilithe go cuí agus atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe nó le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann, agus
- tréimhse nach mó ná seachtain amháin a chumhdach ann de ghnáth. Mar sin féin, is féidir go gceadófar deimhniúchán i leith tréimhsí suas le haon mhí faoi lánrogha an fhostóra, agus
- a lua ann cé acu atáthar nó nach bhfuiltear feidhmiúil chun oibre.

3.2 Is é an tréimhse uasta saoire atá ar fáil faoin Scéim um Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe ná trí mhí (92 lá) ar lánphá in aon tréimhse rollach ceithre bliana. I gcásanna eisceachtúla, amhail i gcás ina mbeidh tréimhse fhada san ospidéal ag teastáil nó in imthosca ina mbeifear tar éis dara teagmhas ionsaithe nó níos mó a fhulaingt, féadfar an tsaoire a fhadú ar feadh tréimhse eile nach mó ná trí mhí (91 lá) ar lánphá, faoi réir teorainn fhoriomlán sé mhí (183 lá) ar lánphá in aon tréimhse rollach ceithre bliana. Is faoin scéim Saoire Breoiteachta a dhéileálfar le haon neamhláithreacht ina dhiaidh sin.

3.3 Áirítear le Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe laethanta deirí seachtaine, laethanta dúnta gnó agus laethanta nach bhfuil fostaí le bheith i láthair le linn na tréimhse neamhláithreachta.

3.4 Le linn teidlíocht an fhostaí a ríomh, cuirfear aon Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe a deonaíodh sna ceithre bliana roimh an neamhláithreacht reatha san áireamh agus rochtain ar shaoire faoin scéim seo á cinneadh.

3.5 Tiocfaidh an tSaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe chun deiridh:

- tráth a scoirfidh deimhniú na díobhála fisiciúla ó lia-chleachtóir atá cáilithe go cuí d'éifeacht a bheith leis; nó
- tráth a úsáidfear na teorainneacha uasta saoire atá ar fáil faoin scéim seo; nó
- tráth a dheimhneofar feidhmiúlacht chun filleadh ar dhualgais.

3.6 Maidir le fostaí a d'úsáid an tréimhse uasta saoire íoctha atá ar fáil faoin Scéim um Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe agus atá fós neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun dualgas a atosú, féadfaidh sé/sí leas a bhaint as Saoire Bhreoiteachta faoin scéim Saoire Breoiteachta, faoi réir ghnáthrialacha na scéime sin.

3.7 Conradh fostaíochta téarma shocraithe/cuspóra shocraithe: Scoirfidh fostaí de theidlíocht a bheith aige/aici chun Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe tráth a rachaidh an conradh in éag, i gcás nach ndéanfar an conradh sin a athnuachan.

**4. Próiseas iarratais**

4.1 Chun go dtaifeadfar neamhláithreacht mar Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe, ní mór don fhostaí lena mbaineann agus don oifigeach údaraithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an Fhoirm Iarratais (atá ceangailte leis seo mar Aguisín A) a chomhlánú agus í a chur ar aghaidh chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann laistigh de sheachtain amháin ó tharla an teagmhas. Féadfaidh an bainisteoir áitiúil an tréimhse sin a fhadú i gcásanna eisceachtúla nach mbeidh an fostaí in ann a c(h)uid féin den iarratas a chomhlánú laistigh de sheachtain amháin ón teagmhas de dheasca éagumas fisiciúil iontu – i gcásanna den sórt sin, ní mór iarratais a chur ar aghaidh chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna laistigh de thréimhse réasúnach.

4.2 Ní mór mionsonraí an teagmhais a leagan amach san Fhoirm Iarratais agus ní mór cóipeanna de na doiciméid riachtanacha tuairiscithe a bheith ag gabháil léi.

**5. Atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde**

5.1 Déanfar aon neamhláithreachtaí a thaifeadfar faoin scéim seo a chomhcheangal le neamhláithreachtaí Saoire Breoiteachta roimhe chun críocha an atreoraithe neamh-lánroghnaigh chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde, mar a fhoráiltear dó faoin Scéim Saoire Breoiteachta.

5.2 Beidh feidhm ag Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta na Seirbhíse Sláinte Ceirde, lena n-áirítear maidir le hatreorú agus maidir le feidhmiúlacht chun filleadh ar an obair.

**6. Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe a Thaifeadadh**

6.1 Ar feadh thréimhse na treoirscéime, is í an Rannóg ábhartha/an Rannóg ábhartha Acmhainní Daonna a iontrálfaidh an tSaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna tráth a gheofar Foirm Iarratais lán-chomhlánaithe. Ní mór don Bhord Oideachais agus Oiliúna aon neamhláithreacht leanúnach faoin scéim a iontráil ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna tráth a gheofar deimhniú dochtúra inghlactha. Beidh aon neamhláithreacht den sórt sin faoi réir tréimhse uasta trí mhí (92 lá).

6.2 In imthosca eisceachtúla ina mbeidh fadú eile ag teastáil, ní mór don oifigeach údaraithe áitiúil iarratas, ina leagfar amach na cúiseanna le fadú den sórt sin, a chur ar aghaidh chuig an bPríomhfheidhmeannach. Is í an Rannóg ábhartha/an Rannóg ábhartha Acmhainní Daonna a iontrálfaidh an tsaoire fhadaithe sin ar chóras an

Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna neamhláithreacht an fhostaí a fhadú ar feadh tréimhse eile ansin, faoi réir deimhniú dochtúra cuí a fháil agus faoi réir tréimhse uasta 91 lá. Tá Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe faoi réir tréimhse uasta fhoriomlán sé mhí (183 lá) in aon tréimhse rollach ceithre bliana.

## 7. Stádas le linn saoire

7.1 Ní dhéanfaidh neamhláithreachtaí a thaifeadfar mar Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe aon difear do thaifead Saoire Breoiteachta an fhostaí.

7.2 Tá neamhláithreachtaí faoin scéim ináirithe go hiomlán chun gach críche, lena n-áirítear sinsearacht, cearta painéil a chinneadh, etc.

## 8 Seoladh Comhfhreagrais

8.1 Seolfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna an comhfhreagras riachtanach ar fad chuig an seoladh ba dhéanaí a chuir an fostaí in iúl agus ní bheidh aon locht ar an mBord Oideachais agus Oiliúna i gcás nach bhfaighidh an fostaí an comhfhreagras sin.

## 9. Comhlíonadh

9.1 Ní mór do gach fostóir agus fostaí cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Is faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe a dhéileálfar le haon mhainneachtain cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta agus is féidir go scoirfear de thuarastal a íoc leis an bhfostaí agus/nó go dtarraingeofar an t-ionadaí siar, i gcás gur ceadaíodh ionadaí, dá bharr sin.

9.2 I dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann, ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe a choinneáil ar feadh tréimhse 10 mbliana. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne. Ba cheart gach taifead a bheith ag teacht leis na sonraí a cuireadh isteach i gCóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

## 10. Tuilleadh Faisnéise

10.1 De réir na míre réamhléirithí, tá na rialacháin sa chiorclán seo le cur chun feidhme ag an bhfostóir. Ba cheart gach ceist a chur ar dtús ar an bhfostóir, ar féidir go mbeidh sé ag iarraidh dul i gcomhairle leis an Roinn ansin trí ríomhphost a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: financialetb@education.gov.ie

## Aguisín A

### Foirm Iarratais ar Shaoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe

Ba cheart foirmeacha comhlánaithe, agus aon cheangaltáin, a chur isteach chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, de réir mar is cuí.

*(Ba cheart cóip den fhoirm chomhlánaithe a choinneáil i gcomhad pearsanra an fhostaí de réir Bheartas Coinneála Sonraí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna).*

Ainm an Fhostaí: ______________________________

UPSP: _____________________

Áit oibre: ______________________ Uimh. Rolla *(má bhaineann)*: _______________

Dáta agus Am an teagmhais:_______________________________________________

Áit ar tharla an teagmhas: __________________________________________

Achoimre ghairid ar an teagmhas (ná hainmnigh an páirtí eile sa teagmhas):

_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________
_____________________________________________________________________

Dearbhaím, a bhfuil m'ainm thíos, gur fíor, cruinn agus iomlán atá an fhaisnéis thuas; gur léigh mé Ciorclán 0043/2020, agus go bhfuil an tsaoire neamhláithreachta a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi i gcomhréir le téarmaí an chiorcláin sin.

***Síniú:*** **_____________________________________** ***Dáta*****:** **___________**

**Le comhlánú agus le síniú ag an bhFostóir**

Tréimhse na Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe: Ó _________ go _________.

Deimhním (*cuir tic leis an rogha chuí*):

- ☐ Go bhfuair mé deimhniú dochtúra i leith na tréimhse neamhláithreachta thuas i gcomhréir leis an scéim, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0043/2020.
- ☐ Gur taifeadadh an teagmhas sa Leabhar Tuairiscí Teagmhais. *(Tá cóip den taifead le ceangal leis seo - ná hainmnigh an páirtí eile sa teagmhas)*
- ☐ Gur tuairiscíodh an teagmhas don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. *(Tá cóipeanna den chomhfhreagras ábhartha le ceangal leis seo - ná hainmnigh an páirtí eile sa teagmhas)*
- ☐ Gur tuairiscíodh an teagmhas don Gharda Síochána, i gcás go raibh sé sin cuí. *(Tá cóipeanna den chomhfhreagras ábhartha le ceangal leis seo - ná hainmnigh an páirtí eile sa teagmhas),* **NÓ**
- ☐ Nár measadh é a bheith cuí an teagmhas a thuairisciú don Gharda Síochána,
- ☐ Gur cuireadh na coimircí cuí uile i bhfeidhm chun daoine atá i mbaol a chosaint agus, a mhéid is indéanta, chun teagmhas den chineál céanna a chosc amach anseo.

Dearbhaím, a bhfuil m'ainm thíos, gur léigh mé an ciorclán, gur fíor, cruinn agus iomlán atá an fhaisnéis atá taifeadta ar an bhfoirm seo, agus go bhfuil an tsaoire neamhláithreachta a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi i gcomhréir le téarmaí an chiorcláin.

***Síniú:*** ________________________________________ ***Dáta*:** __________________
*(Oifigeach Údaraithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna)*

Ainm agus seoladh iomlán na háite oibre:___________________________________________________

Seoladh ríomhphoist: _________________________________Uimhir theileafóin:___________

**Ba cheart do Bhoird Oideachais agus Oiliúna nasc chuig an Ráiteas Príobháideachta uathu a chur isteach anseo agus an fhoirm á cur ar fáil lena húsáid**